*Uimhir* 14 *de* 1994

# AN tACHT UM THRÁDÁIL AGUS MARGAÍOCHT A SPREAGADH (LEASÚ), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

2. Deontais neamh-inaisíoctha don Bhord a mhéadú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959 | 1959, Uimh. 20 |
| An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1963 | 1963, Uimh. 20 |
| Na hAchtanna um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1959 go 1991 | |

*Uimhir* 14 *de* 1994

# AN tACHT UM THRÁDÁIL AGUS MARGAÍOCHT A SPREAGADH (LEASÚ), 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH MÉADÚ AR MHÉID NA nDEONTAS NEAMH-INAISÍOCTHA A FHÉADFAR A DHÉANAMH LEIS AN mBORD TRÁCHTÁLA — THE IRISH TRADE BOARD.

[8 *Meitheamh,* 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**1.**—(1) Féadfar an tAcht um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh (Leasú), 1994, a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar an tAcht seo agus na hAchtanna um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1959 go 1991, a fhorléiriú mar aon Acht amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1959 go 1994, a ghairm de na hAchtanna um Thrádáil agus Margaíocht a Spreagadh, 1959 go 1991, agus den Acht seo le chéile.

Deontais neamh-inaisíoctha don Bhord a mhéadú.

**2.**—Ní mó ná £650,000,000 méid comhiomlán na suimeanna a fhéadfaidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais a íoc leis an mBord chun a chumasú dó a fheidhmeanna a fheidhmiú nó a chomhlíonadh (gan aon suim arna híoc leis an mBord faoi alt 4 den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1963, a áireamh) agus, dá réir sin, forléireofar alt 16 (1) den Acht um Onnmhairiú a Spreagadh, 1959, arna leasú, amhail is dá gcuirfí an tsuim sin in ionad na suime atá luaite san alt sin.